

EUROPEAN MOBILITY WEEK

16-22 SEPTEMBER 2020



10 gceacht a foghlaimíodh i rith na tréimhse dianghlasála AR MHAITHE LE SOGHLUAISTEACHT UIRBEACH NÍOS FEARR:

2

Tuigimid a thábhachtaí atá oibrithe bunriachtanacha nár tugadh mórán airde orthu go dtí seo: cuimsítear ina measc siúd oibrithe iompair phoiblí agus oibrithe eile a chuireann ar ár gcumas dul ó áit go háit. Tá srianta i bhfeidhm ar an líon daoine ar mhodhanna iompair phoiblí, rud a fhágann go bhfuil sé tábhachtach tús áite a thabhairt dóibh siúd is mó atá ina ghátar. Mar sin féin, ní mór dúinn freisin muinín a chothú san iompar poiblí arís, mar tá an t-iompar poiblí ríthábhachtach le haghaidh soghluaisteacht uirbeach atá inbhuanaithe agus sábháilte.



3 **Tháinig glaine nua chun cinn:** tháinig laghdú as cuimse ar rátaí truaillithe aeir agus torainn ón iompar laethúil. Ba ghlaire an taer san Eoraip agus ba chiúine na spásanna uirbeacha ar feadh tamaill, agus tá sé léirithe ag muintir na hEorpa go bhfuil fonn orthu go leanfar den nós sin. Céard is féidir linn a dhéanamh chun an laghdú sin a choinneáil go pointe áirithe?



4 **Ba róthapa an saol,** ach níl aon ghá deifir a dhéanamh. Moillimis trí teorainneacha luais caighdeánacha 30 km/u nó níos ísle a thabhairt isteach i limistéir uirbeacha.

5 **Tá an tsláinte riospráide agus slí mhaireachtála ghníomhach níos tábhachtaí anois ná riamh:** is cosúil ón taighde tosaigh go gcuireann an truailliú agus an otracht go mór leis na rioscaí don tsláinte a bhaineann le COVID-19. Ar an ábhar sin, ní mór dúinn teacht ar bhealaí buana níos fearr chun cur ar chumas daoine dul ag siúl agus ag rothaíocht go sábháilte inár gcathracha. Ba cheart do gach aon duine iarracht a dhéanamh bheith aclaí agus bheith ag gabháil do spórt de shaghas éigin, agus ní haon iontas é gur díoladh an trealamh aclaíochta go léir i líon mór siopaí. Mar sin féin, níl le déanamh ach dul amach ag siúl nó ag rothaíocht le roinnt aclaíochta a dhéanamh.



6 **Is gnách an rud anois é bheith ag obair ón mbaile agus is féidir le go leor daoine é sin a dhéanamh,** rud a laghdaíonn an gá le trácht comaitéireachta is cúis le brú tráchta agus truailliú. É sin ráite, bíonn ar fhostaithe áirithe dul isteach chuig a nionad oibre. Ar an ábhar sin, ní mór d'fhostóirí agus do na saineolaithe agus pleanálaithe maidir le soghluaisteacht i gcathracha oibriú as lámha a chéile chun teacht ar réitigh a chabhróidh linn dul i dtreo téarnamh sábháilte.

7 **Is cúis mhór brú tráchta é go bhfuil leanú ag ar scoil sa ghluasteán lena dtuismitheoirí.** mheastar go bhfuil baol ag baint le dul ar scoil de shiúl na gcos nó ar rothar, tabharfaidh tuismitheoirí eile a leanaí ar scoil sa ghluasteán freisin. Cothaítear fainne fí ar an gcaoi sin, seachas nósanna maithe a dhéanamh! Is féidir an líon turas sin a laghdú leis an gciánfhoghlaim nó leis an ríomhfhoghlaim, ach tá roghanna níos inbhuanaithe ag teastáil uainn chun leanaí a thabhairt chun na scoile.



8 **Tá uirlisí digiteacha ríthábhachtach chun úsáid éifeachtúil a bhaint as córais iompair,** ach ní mór go mbeadh sé ar chumas gach aon duine leas a bhaint astu. Tá plé á dhéanamh ar shoghluaisteacht ar éileamh (MaaS) le fada an lá ag saineolaithe soghluaisteachta chun slí mhaireachtála ilmhódach a chur chun cinn. Is cabhair iad aipeanna a thugann eolas fíor-ama ar roghanna iompair nach bhfuil róphlódaithe, nó d'fhéadfadh pleanálaithe iompair roghanna siúlóide a chur ar fáil seachas roinnt turas ar bhusanna. Bíonn imníula dhigiteach agus inrochtaineacht ag teastáil freisin chun lántairbhe a bhaint as na huirlisí sin.


9 **Réiteach amháin ab ea an tsiopadóireacht ar líne i rith na tréimhse dianghlasála,** ach céard faoin seachadadh? Ná déanaimis dearmad ar acmhainneacht rothar lasta chun dul i dtreo lóistíocht atá saor ó astaíochtaí!



10 **Is leochailí grúpaí áirithe daoine ná daoine eile.** Tógaimis cathracha ina bhfuil córais iompair gan bhacainn, mar cathair atá inrochtana do dhaoine i gcathaoir rothaí, tá sí inrochtana do chách.



'Soghluaisteacht saor ó astaíochtaí do chách', chomh simplí le taoschnó



Tagraíonn an taoschnó do theoiric an taoschnó san eacnamaíocht le Kate Raworth, eacnamaí in Ollscoil Oxford (2017). Tá an teoiric in úsáid ag roinnt cathracha anois chun teacht aniar ó ghéarchéim COVID-19. Cuirtear an geilleagar i láthair i bhfoirm taoschnó ann: léirítear na teorainneacha éiceolaíochta leis an bhfáinne seachtrach, agus léirítear leis an bhfáinne inmheánach an t-íosmhéid atá ag teastáil uainn chun saol maith a bheith againn. Ba cheart do gach duine fanacht sa chrios compoird sa lár agus gan ligean do dhuine ar bith titim sa pholl.

#MobilityWeek



Cad iad na gníomhaíochtaí is féidir a chur ar siúl i rith SHEACHTAIN RÉTHAISTIL na hÉIREANN, 2020?

Ag brath ar do chúinsí áitiúla i mí Mheán Fómhair, d'fhéadfá cuid de na gníomhaíochtaí atá molta thíos a eagrú. Ná déan dearmad cloí leis na rialacha agus/nó na moltaí sábháilteachta atá i bhfeidhm sa tír agus sa réigiún.

- ✓ Is féidir le daoine dul ag siúl agus ag rothaíocht, ach bí cinnte an súiomh a sheiceáil!
- ✓ Eagraigh turais threoraithe chun na rialacha sábháilteachta nua a mhíniú agus chun na limistéir a thaispeáint ina bhfuil spás a bhíodh teoranta do ghluaiseáin (pháirceáilte) roimhe seo curtha ar fáil do dhaoine anois.
- ✓ Eagraigh comhdhálacha idir cathracha, faoi mar a rinne cathracha sna Balcáin anuraidh <https://balkangreenenergynews.com/video-mayors-of-western-balkans-capitals-as-sustainable-urban-mobility-ambassadors/>
- ✓ Seastán faisnéise chun léaráidí nó anailís a thaispeáint ar an sruth tráchta sna seachtainí ba mheasa de COVID-19.
- ✓ Suirbhéanna chun dúshlán agus mianta an phobail a fháil maidir le húsáid spáis poiblí agus leis an gcaoi a mbímid ag gluaiseacht.
- ✓ Má tá imeacht mór á chur ar bun, bí cruthaitheach chun scaradh sóisialta a chinntiú. D'fhéadfá inspioráid a fháil ó lucht rothaíochta san Ísiltír a cheangail baguette fada le cúl a rothar tamall ó shin chun feachtas a mhúscailt ar an achar sábháilteachta a bhíonn ag teastáil nuair a bhíonn gluaiseacht ag dul thar rothar.
- ✓ Crannchur ar líne ina ndéantar an tsiúlóid agus an rothaíocht a chur chun cinn.
- ✓ Feachtas margaidh chun cur le tarraingteacht agus sábháilteacht an iompair poiblí.
- ✓ Comórtas chruthaitheacha, mar shampla chun ticéad d'iompar poiblí saor in aisce ar feadh míosa nó bliana a bhuanach.
- ✓ Bain leas as na meáin shóisialta chun soghluaisteacht agus cuimsitheacht atá neodrach ó thaobh carbóin de a chur chun cinn, agus téigh i bpáirt le muintir na háite leis an haischlib oifigiúil #MobilityWeek
- ✓ Eagraigh dúshlán maidir le lorg carbóin: tá aipeanna éagsúla ar fáil a thugann torthaí fíor-ama tar éis don úsáideoir sonraí ar mhodhanna iompair a chur isteach https://travelbetter.panda.org/?utm_source=BetterPockets%20B2B%20mailing%20list&utm_campaign=174a02d3ac-NewsLetter-Week21-2020_COPY_01&utm_medium=email&utm_term=0_5cbfb9faa8-174a02d3ac-313004905 Taispeáin do dhaoine cé chomh mór is atá a lorg carbóin, agus cuir comhairle orthu maidir le conas a lorg carbóin a laghdú.
- ✓ Eagraigh comórtas féiníní ar na meáin shóisialta agus iarr ar dhaoine pictiúir a phostáil díobh féin agus roghanna iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol in úsáid acu.
- ✓ Bíodh cónaitheoirí agus páirtithe leasmhara páirteach i bhfeachtas a chur ar an inrochtaineacht agus ar an gcuimsitheacht san iompar poiblí agus i dtástáil a dhéanamh ar sheirbhísí soghluaisteachta nua atá saor ó astaíochtaí.
- ✓ Céard faoi churiarracht dhomhanda a shárú? Is iomaí curiarracht dhomhanda is féidir a bhaint amach nó a shárú. Bain úsáid as do shamhlaíocht agus bain amach curiarracht dhomhanda don t-soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí in éineacht le muintir na háite.

Níl iontu sin ach cuid den líon mór gníomhaíochtaí is féidir a eagrú i mbliana, anuas ar na himeachtaí traidisiúnta a mbíonn scoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha, gnóthais áitiúil srl. páirteach iontu.

#MobilityWeek

